AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 1.8.2011
COIM(2011) 482 leagan deireanach

2011/0211 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle, maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. CÚLRA AN TOGRA

- **Cúiseanna agus cuspóirí an togra**

Tá an ghéarchéim mharthanach airgeadais agus eacnamaíoch ag méadú an bhrú ar acmhainní airgeadais náisiúnta na mBallstát de réir mar atá siad ag laghdú a mbuiséad. Sa chomhthéacs sin, is tábhachtach an uirlis é a áirithiú go gcuirtear cláir chomhtháthaithe chun feidhme go rianúil chun cistí a instealladh sa gheilleagar.

Mar sin féin, is minic a bhíonn sé deacair na cláir a chur chun feidhme de thoradh na bhfadhbanna leachtachta atá ann de dheasca srianta buiséid. Is amhlaidh an cás go mór mór i gcás na mBallstát sin is mó atá buailte ag an ngéarchéim agus a fuair cúnamh airgeadais faoi chlár faoin Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) i gcás tíortha a bhfuil an EURO acu nó faoi shásra Chomhardú na nÍocaíochtaí (BoP) i gcás tíortha nach bhfuil an EURO acu. Tá cúnamh airgeadais faoi na sásraí sin iarrtha go dtí seo ag sé thír – an Ghréig san áireamh, tír a fuair cúnamh airgeadais sular bunaíodh an EFSM – agus tá clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha aontaithe acu leis an gCoimisiún. Is iad sin an Ungáir, an Rómáin, an Laitvia, an Phortaingéil, an Ghréig agus Éire, dá ngairtear "tíortha cláir" ina dhiaidh seo. Ba cheart a thabhairt chun suntais i gcás na hUngáire gur aontaigh sí le sásra Chomhardú na nÍocaíochtaí in 2008, ach gur fhág sí an clár in 2010.

Chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit sin (nó aon Bhallstát eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cláir chúnaimh den sórt sin amach anseo) de chláir na gCistí Struchtúracha agus an Chiste Chomhtháthaithe a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil agus de chistí a eisíoc le tionscadail, tá forálacha sa togra seo lena bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí méadaithe a dhéanamh leis na tíortha sin, le linn na tréimhse a bheidh siad faoi chuimsiú na sásraí tacaíochta, gan a leithdháileadh foriomlán faoin mbeartas comhtháthaithe don tréimhse 2007-2013 a mhodhnú. Dá bharr sin, cuirfear acmhainní airgeadais breise ar fáil do na Ballstáit in aimsir na cruóige agus is éasca a bheidh sé leanúint de na cláir a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil.

- **An comhthéacs ginearálta**

Níl aon amhras ach go bhfuil díobháil nach beag á deanamh don fhíorgheilleagar de réir mar a théann an ghéarchéim in olcas i roinnt Ballstát. Is é méid na bhfiach agus an deacracht atá ag na rialtais iasachtaí airgid a fháil ón margadh is cúis leis an díobháil sin.

Bheartaigh an Coimisiún tograí mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais reatha agus ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann léi. Faoi chuimsiú a phacáiste téarnaimh, bheartaigh an Coimisiún i mí na Nollag 2008 líon athruithe rialaitheacha lena bhfuil sé mar chuspóir rialacha cur chun feidhme an Bheartais Chomhtháthaithe a shimpliú agus réamh-mhaoiniú breise a chur ar fáil trí réamhíocaíochtaí le cláir an CFRE agus an CSE. Chruthaigh na réamhíocaíochtaí breise a íocadh leis na Ballstáit in 2009 instealladh láithreach airgid EUR 6.25 billiún, faoin gclúdach airgeadais a

comhaontaíodh do gach Ballstát faoi seach le linn na tréimhse 2007-2013. Leis an leasú sin ba é EUR 11.25 billiún iomlán na réamhíocaíochtaí. I dtogra a thíolaic an Coimisiún i mí Iúil 2009, rinneadh foráil maidir le bearta breise chun cur chun feidhme na gCistí Struchtúracha agus an Chiste Chomhtháthaithe a shimpliú. Glacadh na bearta sin i mí an Mheithimh 2010, rud a chuir go mór le simpliú chur chun feidhme na gclár agus a threisigh úsáid na gcistí, agus ag an am céanna a laghdaigh an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe.

- **Forálacha atá i bhfeidhm i réimse beartais an togra**

Foráiltear le hAirteagal 77 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (dá ngairtear an 'Rialachán Ginearálta' anseo feasta) go ndéanfar na híocaíochtaí eatramhacha agus an t-iarmhéid críochnaitheach a ríomh tríd an ráta cómhaoinithe maidir le gach ais tosaíochta arna leagan síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar an clár oibríochtúil i dtrácht a chur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le tograí agus tionscnaimh eile arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais.

2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS ANAILÍS AR AN TIONCHAR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

Níor eagraíodh aon chomhairliúchán le geallsealbhóirí seachtracha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor ghá saineolas seachtrach a úsáid.

- **Anailís ar an tionchar**

Chuirfeadh an togra ar chumas an Choimisiúin íocaíochtaí leis na tíortha lena mbaineann a mhéadú le linn na tréimhse a bheidh siad faoi chuimsiú na sásraí tacaíochta. Is éard a bheidh sa mhéadú sin suim a ríomhfar trí bhreisiú de dheich bpointe céatadáin a chur leis na rátaí cómhaoinithe atá infheidhme maidir le hais tosaíochta na gclár maidir le gach caiteachas nuadheimhnithe a chuirtear isteach le linn na tréimhse i dtrácht.

Ní chuirfidh sé sin ceanglais bhreise airgeadais ar an mbuiséad foriomlán ós rud é nach n-athróidh an leithdháileadh iomlán airgeadais don tréimhse sin ó na Cistí leis na tíortha sin agus leis na cláir sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar na bearta atá beartaithe**

Tá sé beartaithe Airteagal 77 den Rialachán Ginearálta a mhodhnú le go mbeidh an Coimisiún in ann, arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann, an caiteachas nuathuairiscithe maidir leis an tréimhse i gceist a aisíoc le suim mhéadaithe arna ríomh trí bhreisiú deich bpointe céatadáin a chur leis na rátaí cómhaoinithe atá infheidhme maidir leis an ais tosaíochta.

Tríd an mbreisiú sin a chur i bhfeidhm, ní fhéadfaidh ráta cómhaoinithe an chláir uasteorainneacha Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Ginearálta a shárú le breis is deich bpointe céatadáin. Ar chuma ar bith, ní féidir leis an ranníocaíocht ó na cistí leis an ais tosaíochta lena mbaineann bheith níos airde ná an tsuim atá luaite sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil.

Tar éis don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh lena ndeonófar cúnamh do Bhallstáit faoi na sásraí tacaíochta, cuirfidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann, an ríomh thuasluaite i bhfeidhm maidir le gach caiteachas nuathuairiscithe faoi chlár oibríochtúil don Bhallstát lena mbaineann.

Beart sealadach a bheidh sa mhéid sin agus cuirfear deireadh leis a luaithe a fhágfaidh an Ballstát an sásra tacaíochta.

- **Bunús dlí**

Sainítear na comhrialacha is infheidhme maidir leis na trí Chiste i Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999. Bunaithe ar phrionsabal na bainistíochta comhroinnte idir an Coimisiún agus na Ballstáit, tá forálacha sa Rialachán seo maidir leis an bpróiseas cláraithe chomh maith le socruithe chun bainistíocht clár (lena n-áirítear cláir airgeadais), faireachán, rialú airgeadais agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta a mhéid is a ndéantar iarracht ann tacaíocht mhéadaithe a thabhairt, trí na Cistí Struchtúracha agus tríd an gCiste Comhtháthaithe, do Bhallstáit áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha, go háirithe fadhbanna lena bhfás eacnamaíoch agus lena gcobhsaíocht airgeadais agus le meathlúchán ar a riocht easnaimh agus fiachais, ar de dheasca na ndálaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais iad freisin. Sa chomhthéacs sin, is gá sásra sealadach a bhunú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh lena gceadófar don Choimisiún Eorpach an aisíocaíocht a mhéadú ar bhonn an chaiteachais dheimhnithe faoi na Cistí Struchtúracha agus faoin Ciste Comhtháthaithe.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra le prionsabal na comhréireachta:

Go cinnte dearfa, tá an togra seo comhréireach ós rud é go dtugann sé tacaíocht mhéadaithe ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe do na Ballstáit atá i ndeacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag bagairt orthu de bhun tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart acu orthu agus a thig faoi choinníollacha Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 (lena mbunaítear an sásra Eorpach um chobhsaíocht airgeadais), nó Ballstáit atá i ndeacrachtaí nó a bhfuil deacrachtaí ag dianbhagairt orthu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí agus a thig faoi choinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle, agus don Ghréig a fuair cúnamh airgeadais lasmuigh den EFSM faoin gComhaontú idir Chreidiúnaithe agus faoin nGníomh um Shaoráid Iasachtaí an Limistéir Euro.

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

Ní bheadh ionstraimí eile iomchuí ar na cúiseanna seo a leanas:

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún i dtaobh na ndeiseanna atá ann bearta a dhéanamh faoin gcreat dlí atá ann agus measann sé, i bhfianaise na taithí atá faighte go dtí seo, gur gá modhnuithe ar an Rialachán Ginearálta a mholadh. Is é an cuspóir leis an athbhreithniú seo éascú breise a dhéanamh ar chómhaoiniú tionscadal agus sa dóigh sin luas a chur faoi chur chun feidhme na dtionscadal sin agus faoin tionchar a bheidh ag infheistíochtaí den sórt sin ar an bhfíorgheilleagar.

4. TIONCHAR BUISÉADACH

Níl aon tionchar ar leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí ós rud é nach bhfuil aon mhodhnú beartaithe ar na suimeanna uasta de mhaoiniú ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe dá bhforáiltear sna cláir oibríochtúla i gcomhair na tréimhse cláraithe 2007-2013.

I gcás leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí, féadfaidh a bheith de thoradh ar an togra go dtabharfaí aisíocaíocht níos airde do na Ballstáit lena mbaineann. Leis na leithreasaí breise faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh an togra seo, beidh méadú ar leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí i gceist (tuairim is EUR 2 304 milliún le haghaidh 2012), ar leithreasaí iad a fhéadfar a chúiteamh faoi dheireadh na tréimhse cláraithe. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar iomlán na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí don tréimhse cláraithe iomlán.

Ós rud é gur iarr an Ballstát go mbeadh sochar le baint acu as an mbeart agus i bhfianaise an athraithe ar an nós imeachta maidir le híocaíochtaí eatramhacha a chur isteach, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú in 2012 ar an riachtanas atá le creidmheas íocaíochta breise agus molfaidh sé, más gá, na bearta riachtanacha don Údarás Buiséadach.

Léiríonn an togra toilteanas an Choimisiúin cuidiú le hiarrachtaí na mBallstát dul i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais. Soláthróidh an leasú na cistí is gá do na Ballstáit lena mbaineann chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus do théarnamh geilleagrach.

2011/0211 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle, maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí Náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I ngeall ar an ngéarchéim airgeadais agus ar an gcor chun donais eacnamaíoch, nár tháinig a samhail riamh roimhe, atá ann ar fud an domhain tá díobháil thromchúiseach déanta don fhás eacnamaíoch agus don chobhsaíocht airgeadais agus tá meath mór tagtha ar dhálaí airgeadais agus eacnamaíocha i roinnt Ballstát. Go háirithe, tá Ballstáit áirithe i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó tá deacrachtaí den sórt sin ag bagairt orthu, go háirithe fadhbanna lena bhfás eacnamaíoch agus lena gcobhsaíocht airgeadais agus le meathlúchán ar a riocht easnaimh agus fiachais, agus de dheasca na ndálaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais freisin.

(2) Cé go ndearnadh gníomhaíochtaí tábhachtacha cheana féin, lena n-áirítear leasuithe ar an gcreat reachtach, ar mhaithe le héifeachtaí diúltacha na géarchéime a fhrithchothromú, tá tionchar na géarchéime airgeadais ar an bhfíorgheilleagar, ar mhargadh an tsaothair agus ar na saoránaigh le brath go forleathan. Tá an brú ar acmhainní airgeadais náisiúnta ag dul i méid agus ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun an brú sin a mhaolú tríd an úsáid is mó agus an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as maoiniú ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe.

---

[1] IO L , , lch .
[2] IO L , , lch .

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra Eorpach um chobhsaíocht airgeadais[3] bunaíodh sásra den sórt sin d'fhonn cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chaomhnú, rud atá fothaithe ar Airteagal 122(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear go mbeidh deis ann cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú do Bhallstát atá i ndeacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag dianbhagairt air de bhun tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu.

(4) Trí Chinneadh Cur Chun Feidhme 2011/77/AE ón gComhairle an 7 Nollaig 2010[4] agus trí Chinneadh Cur Chun Feidhme 2011/344/AE ón gComhairle an 30 Bealtaine 2011[5] deonaíodh cúnaimh airgeadais den sórt sin ón Aontas d'Éirinn agus don Phortaingéil.

(5) Bhí an Ghréig i ndeacrachtaí tromchúiseacha maidir lena cobhsaíocht airgeadais sular tháinig Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 i bhfeidhm. Níorbh fhéidir, da bhrí sin, an cúnamh airgeadais don Ghréig a bhunú ar an Rialachán sin.

(6) Tháinig an Comhaontú idir Chreidiúnaithe agus an Comhaontú maidir le Saoráid Iasachta a tugadh i gcrích don Ghréig an 8 Bealtaine 2011 i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2011. Foráiltear ann go mbeidh lánfheidhm agus lánéifeacht ag an gComhaontú idir Chreidiúnaithe ar feadh clárthréimhse trí bliana fad is a bheidh aon suimeanna gan íoc faoin gComhaontú maidir le Saoráid Iasachta.

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh meántéarmach i leith iarmhéideanna íocaíochtaí na mBallstát[6] bunaíodh ionstraim lena bhforáiltear go ndeonóidh an Chomhairle cúnamh frithpháirteach i gcás ina mbeidh Ballstát nár ghlac an euro i ndeacrachtaí nó ina mbeidh deacrachtaí ag dianbhagairt air maidir le comhardú a íocaíochtaí.

(8) Trí Chinntí 2009/102/CE an 4 Samhain 2008[7], 2009/290/CE an 20 Eanáir 2009[8] agus 2009/459/CE an 26 Meitheamh 2009[9] ón gComhairle deonaíodh cúnamh airgeadais den sórt sin don Ungáir, don Laitvia agus don Rómáin.

(9) Tá an tréimhse a mbeidh an cúnamh ar fáil d'Éirinn, don Ungáir, don Laitvia, don Phortaingéil agus don Rómáin lena linn leagtha amach sna Cinntí faoi seach ón gComhairle. Chuaigh an cúnamh don Ungáir in éag an 4 Samhain 2010.

(10) Ní hionann, i gcás na mBallstát atá rannpháirteach sna hionstraimí sin, an tréimhse a mbeidh an cúnamh faoin gComhaontú idir Chreidiúnaithe maille leis an nGníomh um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro ar fáil don Ghréig.. Dá bhrí sin, chun críche an Rialacháin seo ba cheart dáta tosaithe amháin a shocrú sa Rialachán seo chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

---

3 IO L 118, 12.5.2010, lch. 1.
4 IO L 30, , 4.2.2011, Lch. 34.
5 IO L 159, 17.6.2011, Lch. 88.
6 IO L 53, 23.2.2002, Lch. 1.
7 IO L 37, 6.2.2009, Lch. 5.
8 IO L 79, 25.3.2009, Lch. 39.
9 IO L 150, 13.6.2009, Lch. 8.

(11) An 11 Iúil 2011, shínigh airí airgeadais na 17 mBallstát atá i limistéar an euro an Conradh lena mbunaítear an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht (ESM). Tháinig an Conradh i ndiaidh an Chinnidh ón gComhairle Eorpach an 25 Márta 2011. Foráiltear go nglacfaidh an ESM, faoi 2013, na tascanna a chomhlíonann an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart an sásra sin, a bheidh ann amach anseo, a chur san áireamh cheana leis an Rialachán seo.

(12) Cuireann conclúidí an 23 agus an 24 Iúil 2011 ón gComhairle Eorpach fáilte roimh rún an Choimisiúin an tsineirgíocht idir an clár iasachtaí don Ghréig agus cistí an Aontais a fheabhsú agus ar an gcaoi sin tacú le hiarrachtaí cur le cumas na Gréige cistí an Aontais a ionsú chun fás agus fostaíocht a spreagadh trí athdhíriú ar fheabhas a chur ar iomaíochas agus ar chruthú fostaíochta. Thairis sin, sna conclúidí sin dearbhaíonn an Chomhairle a sásamh agus a tacaíocht maidir leis an gCoimisiún a bheith i mbun ullmhúcháin, in éineacht leis na Ballstáit, ar chlár cuimsitheach de chúnamh teicniúil don Ghréig. Cuireann an Rialachán seo leis na hiarrachtaí sin chun sineirgíochta.

(13) Chun bainistíocht chistiú an Aontais a éascú, le gur féidir infheistíochtaí i mBallstáit agus i réigiúin a luasghéarú agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht an chistithe don gheilleagar is gá go bhféadfaidh méadú teacht ar íocaíochtaí eatramhacha ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe chomh maith de réir suime a fhreagraíonn do dheich phointe céatadáin os cionn an ráta chómhaoinithe iarbhír maidir le gach ais tosaíochta i gcás Ballstát atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais agus a d'iarr tairbhe a bhaint as an mbeart seo.

(14) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh dá réir sin ar na rialacha maidir le híocaíochtaí eatramhacha agus le híocaíocht an iarmhéid dheiridh i gcláir oibríochtúil a ríomh le linn na tréimhse ina bhfaigheann na Ballstáit cúnamh airgeadais chun dul i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais.

(15) Tar éis dheireadh na tréimhse inar cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil , d'fhéadfadh sé go mbeadh gá, trí mheastóireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 48(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999[10], measúnú a dhéanamh, *inter alia*, an gciallaíonn an laghdú ar an gcomhchistiú náisiúnta go bhfuiltear ag imeacht go suntasach ó na spriocanna a leagadh síos ar dtús. D'fhéadfadh athbhreithniú ar an gclár oibríochtúil teacht as meastóireacht den sórt sin.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú dá réir sin.

(17) Ós rud é go bhfuil dochar tromchúiseach déanta do chobhsaíocht airgeadais roinnt Ballstát i ngeall ar an ngéarchéim, nár tháinig a samhail riamh roimhe, atá ag déanamh dochair do mhargaí airgeadais idirnáisiúnta agus i ngeall ar an gcor chun donais eacnamaíoch, agus gur gá gníomhú go pras chun an tionchar ar an ngeilleagar ina iomláine a chosc, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus ba cheart feidhm a bheith aige go cúlghabhálach maidir leis na tréimhsí ina bhfuair na

[10] IO L 210, 31.7.2006, Lch. 25.

Ballstáit cúnamh airgeadais ón Aontas nó ó Bhallstáit eile i limistéar an euro chun dul i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 77 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006:

"Airteagal 77

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid dheiridh a ríomh

1. Déanfar íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid dheiridh a ríomh tríd an ráta cómhaoinithe arna leagan síos sa chinneadh maidir leis an gclár oibríochtúil lena mbaineann maidir le gach ais tosaíochta, a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas incháilithe atá sonraithe faoin ais tosaíochta sin i ngach ráiteas caiteachais atá deimhnithe ag an údarás deimhniúcháin.

2. De mhaolú ar Airteagal 53(2) agus ar an dara abairt d'Airteagal 53(4) agus ar na huasmhéideanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn III, ar iarraidh ó Bhallstát, féadfar íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid dheiridh a mhéadú le suim a fhreagraíonn do dheich bpointe céatadáin os coinn an ráta chómhaoinithe is infheidhme maidir le gach ais tosaíochta, ach gan dul thar chéad faoin gcéad, a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le suim an chaiteachais phoiblí incháilithe arna nua-thuairisciú i ngach ráiteas deimhnithe caiteachais arna chur isteach le linn na tréimhse ina gcomhlíonann Ballstát ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá cúnamh airgeadais curtha ar fáil dó faoi Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle lena mbunaítear sásra Eorpach um chobhsaíocht airgeadais* nó, curtha ar fáil dó ag Ballstáit eile sa limistéar euro sular tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm.

   (b) tá cúnamh airgeadais meántéarmach curtha ar fáil dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle**;

   (c) tá cúnamh airgeadais curtha ar fáil dó i gcomhréir leis an gConradh lena mbunaítear an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht a síníodh an 11 Iúil 2011.

3 Chun na críche íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí na hiarmhéide deiridh a ríomh tar éis don Bhallstát scor de bheith ag baint sochair as an gcúnamh airgeadais dá dtagraítear i mír 2, ní chuirfidh an Coimisiún na suimeanna méadaithe arna n-íoc i gcomhréir leis an mír sin san áireamh.

   Cuirfear na suimeanna sin san áireamh chun críche Airteagal 79(1) áfach.

4. D'ainneoin mhír 2, ní bheidh ranníocaíocht an Aontais trí íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid dheiridh níos airde ná an ranníocaíocht phoiblí agus uasmhéid an chúnaimh ó na Cistí maidir le gach ais tosaíochta mar atá leagtha síos sa chinneadh ón gCoimisiúin lena bhformheastar an clár oibríochtúil.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná mír 3 maidir le cláir oibríochtúla faoi chuspóir an chomhair chríochaigh Eorpaigh.

* IO L 118, 12.5.2010, Lch. 1.

** IO L 53, 23.2.2002, Lch. 1. ”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm chúlghabhálach aige maidir leis na Ballstáit seo a leanas, áfach, le héifeacht ón lá a cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil dóibh:

(a) Éire ón 10 Nollaig 2010;

(b) an Ghréig ón 11 Bealtaine 2010;

(c) an Laitvia ón 23 Eanáir 2009;

(d) an Ungáir ón 5 Samhain 2008;

(e) an Phortaingéil ón 24 Bealtaine 2011;

(f) an Rómáin ón 11 Bealtaine 2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,	*Thar ceann na Comhairle,*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

0RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais.

2. CREAT ABM/ABB (BAINISTIÚ DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ/BUNÚ AN BHUISÉID DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ)

Réimsí beartais lena mbaineann agus aon Ghníomhaíochtaí gaolmhara:

Beartas réigiúnach; Gníomhaíocht ABB 13.03

Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta; Gníomhaíocht ABB 04.02

An Ciste Comhtháthaithe, ABB 13.04

3. NA LÍNTE BUISÉID

3.1. Na línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B.A.)):

Cuirfear an ghníomhaíocht nua atá beartaithe chun feidhme de réir na línte buiséid seo a leanas:

- 13.031600 Cóineasú (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - CFRE)
- 13.031800 Fostaíocht agus iomaíochas réigiúnach (CFRE)
- 04.0217 Cóineasú (Ciste Sóisialta na hEorpa - CSE)
- 04.0219 Fostaíocht agus iomaíochas réigiúnach (CSE)
- 13.04.02 An Ciste Comhtháthaithe

3.2. Fad na gníomhaíochta agus an tionchair airgeadais:

3.3. Saintréithe buiséadacha:

Líne buiséid	Saghas caiteachais		Nua	Ranníocaíocht CSTE	Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí	Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais
13.031600	Neamhéigeantach	Difreáilte	Níl	Níl	Níl	**Uimh.** 1b
13.031800	Neamhéigeantach	Difreáilte	Níl	Níl	Níl	**Uimh.** 1b
04.0217	Neamhéigeantach	Difreáilte	Níl	Níl	Níl	**Uimh.** 1b
13.04.02	Neamhéigeantach	Difreáilte	Níl	Níl	Níl	**Uimh.** 1b
04.0219	Neamhéigeantach	Difreáilte	Níl	Níl	Níl	**Uimh.** 1b

4. ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

4.1. Acmhainní Airgeadais

4.1.1. Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)

Léirítear sna táblaí seo a leanas an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta atá beartaithe sna blianta 2011-2013. Ós rud é nach bhfuil aon acmhainní nua airgeadais beartaithe le haghaidh leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí, níor cuireadh aon fhigiúirí isteach sna táblaí ach cuireadh "neamhbhainteach" isteach. Dá bhrí sin, luíonn an togra leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2007-2013.

I gcás íocaíochtaí, féadfaidh aisíocaíocht níos airde leis na Ballstáit lena mbaineann a bheith ann de thoradh an togra.

I gcás íocaíochtaí, féadfaidh aisíocaíocht níos airde leis na Ballstáit lena mbaineann a bheith ann de thoradh an togra. Bunaithe ar an réamhaisnéis íocaíochta ó na Ballstáit a ndearna an Coimisiún athbhreithniú air agus bunaithe ar na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí atá ar áireamh i nDréacht-Bhuiséad 2012, bheadh tuairim is EUR 2 304 milliún[11] de dhíth mar bhuiséad. Is éard a chiallóidh na leithreasaí breise faoi chomhair íocaíochtaí sa togra seo go mbeidh méadú ar na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí in 2012, ar méadú é is féidir a chúiteamh faoi dheireadh na tréimhse cláraithe. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar iomlán na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí don tréimhse cláraithe iomlán.

[11] Ar áireamh sa mhéid sin tá an méid iomlán do na blianta lena mbaineann, fiú i gcás ina dtosaíonn an ghníomhaíocht i mí na Samhna nó mí na Nollag nó ina gcríochnaíonn sí leathbhealach tríd an mbliain.

Ós rud é gur iarr an Ballstát sochar a bhaint as an mbeart agus i bhfianaise an athraithe ar an nós imeachta maidir le híocaíochtaí eatramhacha a chur isteach, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú in 2012 ar an riachtanas atá le creidmheas íocaíochta breise agus molfaidh sé, más gá, na bearta riachtanacha don Údarás Buiséadach.

Níor ríomhadh aon mheastachán don bhliain 2013 agus chuirfí aon iarmhairtí san áireamh i nós imeachta buiséid na bliana 2013.

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Saghas caiteachais	Uimh. na coda		Bliain n	n + 1	N + 2	n + 3	n + 4	n+5 agus níos déanaí	Iomlán
Caiteachas oibríochtúil[12]									
Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO)	8.1	a	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach
Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)		B	neamhbhaintneach	+2,304	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	-2,304	neamhbhaintneach	0.
Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha[13]									
Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN)	8.2.4	C	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach
AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN									
Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí		**a+c**	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach
Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí		**b+c**	**neamhbhaintneach**	**neamhbhaintneach**	**neamhbhaintneach**	**neamhbhaintneach**	**neamhbhaintneach**	**neamhbhaintneach**	**0,000**
Caiteachas riaracháin <u>nach</u> n-áirítear sa mhéid tagartha[14]									
Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN)	8.2.5	D	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach
Costais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN)	8.2.6	e	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach	neamhbhaintneach

Costas táscach iomlán ar an idirghabháil i dtéarmaí airgeadais

12 Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx lena mbaineann.

13 Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.

14 Caiteachas laistigh de Chaibidil xx 01, seachas Airteagal xx 01 04 nó Airteagal xx 01 05.

IOMLÁN LO agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh		a+c +d +e	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
IOMLÁN LÍ agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh		b+c +d +e	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach

Sonraí an Chómhaoinithe

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Comhlacht cómhaoinithe		Bliain n	n + 1	n + 2	n + 3	n + 4	n+5 agus níos déanaí	Iomlán
……	f	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
IOMLÁN LO lena n-áirítear cómhaoiniú	a+c +d+ e+f	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach

4.1.2. Comhoiriúnacht don Chlárú Airgeadais

☒ Tá an togra comhoiriúnach don chlárú airgeadais atá ann cheana.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa pheirspictíocht airgeadais ag gabháil leis an togra seo.

☐ D'fhéadfadh sé gur ghá forálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chur i bhfeidhm i ngeall ar an togra[15] (i.e. ionstraim sholúbthachta nó athbhreithniú ar an bpeirspictíocht airgeadais).

4.1.3. Tionchar airgeadais ar Ioncam

☒ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra seo – is í seo a leanas an éifeacht ar ioncam:

EUR milliúin (go dtí an 1ú deachúil)

		Roimh ghníomhaíocht [Bliain n-1]	Staid tar éis na gníomhaíochta					
Líne buiséid	Ioncam		[Blia in n]	[n+1]	[n+2]	[n+3]	[n+4]	[n+5][16]
	a) Ioncam mar ghlanfhigiúr		neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each
	b) Athrú ar ioncam	*Δ*	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each	neamh bhaint each

(Sonraigh gach líne buiséid ioncaim atá i gceist, ag cur na sraitheanna breise is gá leis an tábla má tá tionchar ar níos mó ná líne buiséid amháin.)

15 Féach pointe 19 agus pointe 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

16 Ba cheart colúin bhreise a chur leis más gá i.e. má mhaireann an ghníomhaíocht níos faide ná 6 bliana.

4.2. Acmhainní daonna FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus foireann sheachtrach) – féach na sonraí faoi phointe 8.2.1.

Riachtanais Bhliantúla	Bliain n	n + 1	n + 2	n + 3	n + 4	n+5 agus níos déanaí
Líon iomlán na n-acmhainní daonna	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach

5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Tá an ghéarchéim mharthanach airgeadais agus eacnamaíoch ag méadú an bhrú ar acmhainní airgeadais náisiúnta na mBallstát de réir mar atá siad ag laghdú a mbuiséad. Sa chomhthéacs sin is tábhachtach an uirlis é a áirithiú go gcuirfear cláir beartais chomhtháthaithe chun feidhme go rianúil chun cistí a instealladh sa gheilleagar. Chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit sin de chláir na gCistí Struchtúracha agus an Chiste Chomhtháthaithe a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil agus de chistí a eisíoc le tionscadail, tá forálacha sa togra lena bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí méadaithe a dhéanamh le Ballstáit, fad is atá siad faoi chuimsiú na sásraí tacaíochta.

5.2. An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí eile airgeadais agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

De bharr an togra, beifear in ann leanúint de na cláir a chur chun feidhme, airgead a instealladh sa gheilleagar agus an t-ualach ar chaiteachas poiblí a laghdú ag an am céanna.

5.3. Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí bainteacha an togra i gcomhthéacs an chreata le haghaidh bhainistiú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí (ABM)

Is é an cuspóir atá leis cuidiú leis na Ballstáit sin is mó atá buailte ag an ngéarchéim airgeadais a bheith in ann leanúint de na cláir a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil, agus ar an dóigh sin cistí a instealladh sa gheilleagar.

5.4. Modhanna cur chun feidhme (táscach)

Sonraigh thíos an modh/na modhanna atá roghnaithe chun an gníomh a chur chun feidhme.

- I gcomhar leis na Ballstáit

6. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

6.1. An córas faireacháin

Ní theastaíonn sé, ós rud é go dtagann sé faoin gcóras faireacháin atá bunaithe faoi na Cistí Struchtúracha.

6.2. Meastóireacht

6.2.1. Meastóireacht ex-ante

Ullmhaíodh an togra seo ar iarraidh ó Oifig Cabinet Uachtarán an Choimisiúin.

6.2.2. Bearta a rinneadh tar éis meastóireachta idirmheánaí/ex-post (ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil a fuarthas roimhe seo)

Neamhbhainteach

6.2.3. Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí

Neamhbhainteach

7. BEARTA FRITH-CHALAOISE

NEAMHBHAINTEACH

8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

(Ba cheart ceannteidil na gcuspóirí, na ngníomhaíochtaí agus na n-aschur a sholáthar)	**Saghas aschuir**	**Meán-chostas**	**Bliain n**		**Bliain n + 1**		**Bliain n + 2**		**Bliain n + 3**		**Bliain n+4**		**Bliain n + 5 agus níos déanaí**		**IOMLÁN**	
			Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán	Líon na n-aschur	Costas iomlán
CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh. 1 Leanúint ar aghaidh ag cur na gclár oibríochtúil chun feidhme																
				0,000		0,000										0,000
COSTAS IOMLÁN				**0,000**		**0,000**										**0,000**

8.2. Caiteachas Riaracháin

8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna

Saghsann a post		Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó as acmhainní breise (**an líon post/FTEnna**)					
		Bliain n	Bliain n + 1	Bliain n + 2	Bliain n + 3	Bliain n+4	Bliain n + 5
Oifigigh nó foireann shealadach (XX 01 01)	A*/AD	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
	B*, C*/AST	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02		neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
Foireann eile arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 04/05		neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
IOMLÁN		neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach

8.2.2. Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomhaíocht

Neamhbhainteach

8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)

(Nuair a luaitear níos mó ná foinse amháin, sonraigh an líon post a thagann as gach foinse)

☐ Poist leithdháilte faoi láthair ar bhainistiú an chláir agus a bheidh le hathrú nó le síneadh.

☐ Poist leithdháilte roimh ré laistigh de chleachtadh APS/PDB do bhliain n

☐ Poist a iarrfar sa chéad nós imeachta APS/PDB eile

☐ Poist a ath-imlonnófar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís bhainistíochta (ath-imlonnú inmheánach)

☐ Poist is gá do bhliain n cé nach raibh siad á dtuar i gcleachtadh APS/PDB na bliana a bhí i gceist

8.2.4. Caiteachas eile Riaracháin a áirítear sa mhéid tagartha (XX 01 04/05 – Caiteachas ar bhainistiú riaracháin)

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Líne buiséid (uimhir agus ceannteideal)	Bliain n	Bliain n + 1	Bliain n + 2	Bliain n + 3	Bliain n+4	Bliain n + 5 agus níos déanaí	IOMLÁN
1 Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann)							
Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhaintech
Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhaintech
- intra muros	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhaintech
- extra muros	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhaintech
Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhaintech

8.2.5. Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Saghsanna acmhainní daonna	Bliain n	Bliain n + 1	Bliain n + 2	Bliain n + 3	Bliain n+4	Bliain n + 5 agus níos déanaí
Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01)	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach
Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.) (sonraigh an líne buiséid)	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach
Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach	neamhbh ainteach

Ríomh – **Oifigigh agus Gníomhairí sealadacha**

Is ceart tagairt a dhéanamh do Phointe 8.2.1. más iomchuí

neamhbhainteach

Ríomh – **Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02**

Is ceart tagairt a dhéanamh do Phointe 8.2.1. más iomchuí

neamhbhainteach

8.2.6. Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain n n	Bliain n n + 1	Bliain n n + 2	Bliain n n + 3	Bliain n n+4	Bliain n n + 5 agus níos déanaí	IOMLÁN
XX 01 02 11 01 – Misin	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
XX 01 02 11 03 – Coistí	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
XX 01 02 11 04 – Staidéir agus comhairliúcháin	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
XX 01 02 11 05 – Córais faisnéise	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
2 Caiteachas iomlán eile bainistíochta (XX 01 02 11)	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
3 Caiteachas eile de chineál riaracháin (sonraigh agus cuir isteach tagairt don líne buiséid)	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach
Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach

Ríomh – ***Caiteachas eile riaracháin <u>nach</u> n-áirítear sa mhéid tagartha***

neamhbhainteach